# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Codáin

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

| Gnéithe | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Codáin | | | | | | | | | | |
| **Tuiscint agus Ceangal** | Teann sé i ngleic le gníomhaíochtaí a bhaineann le deighilt agus roinnt chothrom na réad, na gcruthanna agus na dtacar. | Aithníonn sé, sainaithníonn sé agus meaitseálann sé péirí.<br><br>Fiosraíonn sé an tslí ar féidir réad iomlán, cruth 2-T nó tacar a roinnt ar shlite difriúla go minic. | Déanann sé deighilt ar réada agus ar chruthanna ina dhá chomhchuid chothroma agus déanann sé cur síos ar an aonad iomlán agus ar na páirteanna i dtreoir leis an líon codanna/ comhchodanna. | Cinneann sé agus sainaithníonn sé leath de thacair suas chuig 10 ar a laghad. | Déanann sé ceangail shonracha idir na codanna a dhéanann an t-iomlán.<br><br>Cinneann sé agus sainaithníonn sé leath de thacair suas chuig 20 ar a laghad. | Cinneann sé agus sainaithníonn sé ceathrúna de thacair.<br><br>Fiosraíonn sé coincheap an chomhionannais idir leatha agus ceathrúna. | Cinneann sé agus sainaithníonn sé ochtuithe, cúigithe, agus deichithe de thacair, de chruthanna, de réada eile agus de mhírlínte.<br><br>Cinneann sé an caidreamh idir ainmneoirí agus uimhreoirí, agus fiosrú á dhéanamh aige ar choincheap ceartchodáin agus leaschodáin.<br><br>Sloinneann sé deichithe i bhfoirm dheachúlach.<br><br>Ceanglaíonn sé roinnt le codáin. | Fiosraíonn agus aithníonn sé codáin choibhéiseacha le hainmneoirí 2-12.<br><br>Suimíonn agus dealaíonn sé codáin [codáin ag a bhfuil ainmneoirí difriúla ar iolraí dá chéile iad] a bhfuil gaol eatarthu le láimhseoga agus gan iad.<br><br>Cinneann sé codáin éagsúla d'aonad iomlán nó tacar le láimhseoga agus gan iad.<br><br>Tiontaíonn sé leaschodáin go dtí uimhreacha measctha agus a mhalairt.<br><br>Sloinneann sé céaduithe i bhfoirm dheachúlach. | Suimíonn agus dealaíonn sé codáin [codáin ag a bhfuil ainmneoirí difriúla ar iolraí dá chéile iad] a bhfuil uimhreacha measctha acu agus gan iad.<br><br>Sainaithníonn sé comhainmneoirí trí iolraigh a liostáil.<br><br>Sloinneann sé mílithe i bhfoirm dheachúlach.<br><br>Baineann sé úsáid as cóimheas chun dhá chainníocht a chur i gcomparáid.<br><br>Méadaíonn sé slánuimhir faoi chodán aonaid.<br><br>Déanann sé iniúchadh ar na torthaí de shlánuimhir a iolrú faoi chodán aonaid.<br><br>Aithníonn sé an comhartha céatadáin [%] agus ceanglaíonn sé é seo le 'líon na gcodanna in aghaidh gach céad'. | Suimíonn agus dealaíonn sé codáin agus uimhreacha measctha nach bhfuil gaol eatarthu.<br><br>Aithníonn sé agus baineann sé úsáid as mílithe agus ceanglaíonn sé iad le comhionanna deichithe, céaduithe agus deachúlacha.<br><br>Ceanglaíonn sé cóimheasa le codáin chainníochta.<br><br>Méadaíonn sé slánuimhir faoi chodán [le huimhreoir >1] agus a mhalairt.<br><br>Roinneann sé slánuimhir ar chodán aonaid agus a mhalairt. | Méadaíonn sé codán faoi chodán eile.<br><br>Roinneann sé slánuimhir ar chodán iolrach agus a mhalairt.<br><br>Baineann sé úsáid as cóimheasa chun trí chainníocht a chur i gcomparáid.<br><br>Aimsíonn sé cóimheasa comhionanna agus simplíonn sé cóimheasa. |

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Codáin** | | | | | | | | | | |
| **Cumarsáid** | Leanann sé gnásanna na deighilte agus na roinnte cothroime. | Déanann sé cur síos ar chásanna ina dtarlaíonn roinnt, cnuasach nó deighilt. | Léiríonn sé codanna de shamhlacha [tacair, achair nó mírlínte] ach úsáid a bhaint as ábhair choincréiteacha.<br><br>Déanann sé comparáid idir codanna de thacair i dtéarmaí cainníochta (Mar shampla: níos mó, níos mó ná, níos lú, níos lú ná, mar an gcéanna le) agus déanann sé cur síos orthu. | Aithníonn sé agus ainmníonn sé codanna cothroma d'iomlán [leatha].<br><br>Léiríonn sé agus coinníonn sé taifead de thuiscint ar leatha trí úsáid a bhaint as láimhseoga, pictiúir nó trí shiombailí a úsáid. | Baineann sé úsáid as ainmneacha codáin simplí [leatha agus ceathrúna] i gcásanna san fhíorshaol.<br><br>Léiríonn sé agus coinníonn sé taifead de thuiscint ar cheathrúna ach úsáid a bhaint as láimhseoga, pictiúir nó trí shiombailí a úsáid.<br><br>Míníonn sé codáin aonaid mar chuid amháin d'iomlán. | Pléann sé agus míníonn sé an caidreamh idir 'chodáin a bhfuil ceangail eatarthu' leatha agus ceathrúna [codáin ghaolmhara].<br><br>Fiosraíonn sé samhlacha difriúla chun tuiscint ar chodáin chomhionanna shimplí a léiriú (Mar shampla: úsáid a bhaint as uimhirlínte).<br><br>Míníonn sé codáin éagsúla mar chuid amháin d'iomlán. | Bunaíonn sé codáin tacar, mírlínte, réada agus achair ach úsáid a bhaint as láimhseoga, léaráidí agus ríomhanna.<br><br>Bunaíonn sé agus léiríonn sé comhionannas idir chodáin ghaolmhara ach úsáid a bhaint as láimhseoga agus samhlacha difriúla (Mar shampla: ar uimhirlínte). | Pléann agus míníonn sé an caidreamh idir 'chodáin a bhfuil ceangail eatarthu [codáin ag a bhfuil ainmneoirí difriúla ar iolraí dá chéile iad] le hainmneoirí suas chuig 12 ar a laghad [codáin ghaolmhara].<br><br>Cuireann sé codáin le chéile agus sloinneann sé mar leaschodáin iad (nuair is cuí).<br><br>Fiosraíonn sé comhionannas codáin laistigh de chodáin ghaolmhara le láimhseoga agus gan iad. | Aithníonn sé agus léiríonn sé codáin atá comhionann le codán a thugtar dó, lena n-áirítear deichithe agus céaduithe.<br><br>Simplíonn sé codáin le láimhseoga agus gan iad agus léirithe eile.<br><br>Léiríonn sé tuiscint ar thagarchéatadáin (Mar shampla: 50%, 25%, 10%, 1%) i gcomhthéacs codán agus deachúlacha.<br><br>Samhaltaíonn sé agus cuireann sé céatadáin in iúl mar chodáin agus mar dheachúlacha agus a mhalairt. | Baineann sé úsáid as comhiolraí chun codáin choibhéiseacha a léiriú.<br><br>Sainaithníonn sé cóimheasa comhionanna agus simplíonn sé cóimheasa. | Baineann sé úsáid as réimse leathan léirithe físeacha chun tacú lena thuiscint ar mhéadú agus ar roinnt ar/le codáin.<br><br>Baineann sé úsáid as léirithe chun comhionannas idir chodáin, chóimheasa, dheachúlacha agus chéatadáin a chur in iúl. |

| Gnéithe | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Codáin** | | | | | | | | | | |
| **Réasúnaíocht** | Comhoibríonn sé le gníomhaíochtaí lena mbaineann deighilt agus roinnt chothrom. | Roinneann sé fíor-réada agus cosnaíonn sé an sciar.<br><br>Sórtálann sé ábhair roinnt amanna ar bhealaí éagsúla go neamhthreoraithe [de réir critéir a roghnaigh sé féin]. | Tugann sé faoi deara go mbíonn codanna cothroma ann tar éis roinnt deighiltí agus nach mbíonn tar éis roinnt eile.<br><br>Fiosraíonn sé deighilt aonaid iomláin agus tacair mhíreanna.<br><br>Samhlaíonn sé leath agus léiríonn sé tuiscint air. | Déanann sé deighilt ar mheascán réad, ar chruth nó ar mhírlíne ina dhá sciar chothroma.<br><br>Cinneann sé nach gá go mbeadh an cruth ceanna ar dhá sciar chothroma d'iomláin chomhionanna. | Déanann sé deighilt ar mheascán réad, ar mhírlíne nó ar chruth ina cheithre sciar chothroma.<br><br>Léiríonn sé tuiscint go bhfuil méid níos lú i ngach sciar nuair a bhíonn líon níos mó sciartha cothroma acu san iomlán. | Cosnaíonn sé ordú na gcodán agus na slánuimhreacha ar uimhirlíne. | Fiosraíonn sé pátrúin maidir le codáin chomhionanna.<br><br>Nuair a thugtar codán aonaid de shlánuimhir dó, bunaíonn sé an tslánuimhir ach úsáid a bhaint as láimhseoga, léaráidí agus ríomhanna.<br><br>Míníonn sé ról an uimhreora agus ról an ainmneora.<br><br>Cuireann sé codáin aonaid le hainmneoirí difriúla i gcomparáid agus cuireann sé in ord iad. | Cuireann sé codáin lena n-áirítear codáin choibhéiseacha, [fíorchodáin, leaschodáin agus uimhreacha measctha] i gcomparáid agus cuireann sé in ord iad ar uimhirlíne.<br><br>Ríomhann sé an tslánuimhir, nuair a thugtar codán den uimhir iomlán [aonad agus iolrach] den tslánuimhir.<br><br>Sloinneann sé tomhais atá ar eolas aige [nóiméid/uaireanta an chloig, cent/euro] mar chodáin. | Cuireann sé codáin lena n-áirítear codáin choibhéiseacha a bhfuil ainmneoirí agus uimhreoirí difriúla acu i gcomparáid agus cuireann sé in ord iad ar uimhirlíne.<br><br>Fiosraíonn sé an caidreamh idir chodáin, dheachúlacha agus chéatadáin.<br><br>Ríomhann sé cóimheasa trí úsáid a bhaint as comhréir. | Léiríonn sé cóimheasa a aimsítear i gcomhthéacsanna san fhíorshaol trí úsáid a bhaint as láimhseoga, léaráidí agus nodaireacht chaighdeánach chodánach.<br><br>Ceanglaíonn sé cóimheasa le comhréireanna.<br><br>Míníonn sé an chaoi a mbaineann luach codáin le luach/méid an aonaid iomláin. | Déanann sé meastachán agus garmheastacháin i gcásanna san fhíorshaol a mbaineann codáin leo.<br><br>Léiríonn sé tuiscint ar ráta mar chomparáid, nó cóimheas, idir dhá thomhas a bhfuil aonaid dhifriúla acu (Mar shampla: fad chuig am).<br><br>Baineann sé úsáid as fíricí atá ar eolas aige chun tátail a bhaint as an gcaidreamh idir codáin, deachúlacha agus céatadáin. |
| **Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna** | Cleachtann sé rialacha roinnte cothroime i gcásanna san fhíorshaol. | Cuireann sé coincheap na roinnte cothroime i bhfeidhm i measc a chomhdhaltaí trí thacair iomlána réad nó spásanna a dheighilt [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí]. | Roinneann sé tacair iomlána réad, spáis nó mírlínte ina bhfothacair nó ina gcodanna [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí]. | Scarann sé iomlán ina chodanna níos lú agus míníonn sé go bhfuil 'codanna cothroma' ar an méid chéanna nó ar an luach céanna.<br><br>Roinneann nó dáileann sé amach grúpaí réad amach go cothrom ina ngrúpaí níos lú.<br><br>Fiosraíonn sé leatha de chruthanna geoiméadracha éagsúla. | Fiosraíonn sé agus réitíonn sé raon fadhbanna laethúla a bhaineann le deighilt.<br><br>Fiosraíonn sé ceathrúna de chruthanna geoiméadracha éagsúla. | Fiosraíonn sé an caidreamh idir chodáin ach úsáid a bhaint as samhlacha éagsúla (Mar shampla: filleadh páipéir, cloig, cluichí).<br><br>Baineann sé úsáid as feasacht ar leatha agus ceathrúna chun fadhbanna a bhaineann le roinnt agus cnuasach cainníochtaí a thugtar dó a réiteach. | Déanann sé ionramháil ar shamhlacha codáin ghaolmhara [codáin ag a bhfuil ainmneoirí difriúla ar iolraí dá chéile iad] ar mhaithe le suimiú agus dealú [agus comhthéacsanna ón bhfíorshaol a úsáid nuair is cuí]. | Baineann sé úsáid as fachtóirí chun fadhbanna níos casta i bhfocail agus puzail a mbaineann uimhreacha agus tomhais leo a réiteach.<br><br>Réitíonn sé raon fadhbanna a bhaineann le codáin nuair a thugtar luachanna atá in easnamh. | Cuireann sé tascanna réitigh fadhbanna a bhaineann le codáin agus tomhais i gcrích agus na modhanna agus an réasúnaíocht á míniú aige.<br><br>Sainaithníonn sé cóimheasa comhionanna agus simplithe. | Réitíonn sé fadhbanna codáin ag a bhfuil baint le suimiú agus dealú.<br><br>Réitíonn sé fadhbanna a éilíonn cur i bhfeidhm chomhionanna codáin, chéatadáin agus dheachúlacha.<br><br>Réitíonn sé fadhbanna a mbaineann coibhneasa leo. | Tiontaíonn sé go solúbtha idir codáin, deachúlacha, cóimheasa agus céatadáin [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí].<br><br>Réitíonn sé fadhbanna a mbaineann iolrú codán leo.<br><br>Réitíonn sé fadhbanna a mbaineann aistriú cóimheasa leo. |